




Ciste Na hOidhreachta Ailtreachta

DEONTAS STITCH IN TIME

Deontais do Mhiondeisiúcháin &

Tuarascálacha Comhairle Caomhnaithe



CAD É DEONTAS 'STITCH IN TIME' Ó CHISTE NA HOIDHREACHTA AILTIREACHTA?

Feidhmíonn Comhairle Contae Fhine Gall scéim deontais ar bhonn bliantúil chun cabhrú le húinéirí costais miondeisiúcháin nó oibreacha cothabhála ar Struchtúir atá faoi Chosaint, Struchtúir atá faoi Chosaint molta nó foirgnimh stairiúla laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtreachta a fheabhsaíonn an áit nó an tsráid. Féadfar foirgnimh stairiúla eile a chur san áireamh ach tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil cosaint reachtúil acu. Chun a chinntiú go gcuirtear comhairle chuí ar úinéirí maidir leis na hoibreacha atá riachtanach dá réadmhaoin is féidir leas a bhaint as an scéim freisin chun tuarascálacha/suirbhéanna ar staid foirgnimh, ráitis mhodhanna nó sonraíochtaí a tháirgeadh ag gairmithe caomhnaithe chun oibreacha a chloíonn leis an gcleachtas caomhantais is fearr a aithint agus a chur in ord tosaíochta

STRUCHTÚIR INCHÁILITHE

- Struchtúir atá faoi Chosaint
- Struchtúir atá faoi Chosaint molta
- Foirgnimh Stairiúla nó Níos Sine laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtreachta (LCA) a fheabhsaíonn an áit nó an tsráid
- Foirgnimh Dhúchasacha Tuaithe agus Uirbeacha
- Foirgnimh Stairiúla Neamshainithe
- Struchtúir Oidhreachta Tionscail
- Struchtúir Oidhreachta Muirí
- Struchtúir Oidhreachta Míleata
- Foirgnimh Oidhreachta Ailtreachta an 20ú hAois (cineálacha foirgnimh annamha nó sainiúla)

Tabharfar tús áite d'fhoirgnimh nó struchtúir a bhfuil sonrúcháin reachtúla oidhreachta ailtireachta acu mar Struchtúir atá faoi Chosaint nó laistigh de LCA nuair atá maoiniú á leithdháileadh. Maidir le gach struchtúr eile ba chóir don iarratasóir míniú i scríbhinn a sholáthar mar aon le grianghraif maidir leis an bhfáth gur fiú an foirgneamh nó an déanmhas a bhreithniú faoin scéim.

OIBREACHA — CINEÁL NA N-OIBREACHA A CHÁILIÓN

Tá an scéim dírithe ar oibreacha ar mhionscála nuair a thiteann na costais faoi €5,000. Tá scéimeanna deontais caomhnaithe eile ann le haghaidh deisiúcháin meánmhéide nó mórsála. Is iad na cineálacha oibre a bheadh incháilithe don Deontas Stitch in Time ná miondeisiúcháin ar bhunchreatlach nó ar chreatlach stairiúil an fhoirgnimh nuair a leanann siad seo an cleachtas caomhnaithe is fearr maidir le deisiúcháin ag baint úsáide as ábhair chuí, ag meaitseáil cosúlachtaí.

Chomh maith leis sin, is féidir maoiniú a dhéanamh ar oibreacha a chuidíonn le saolré an ábhair stairiúil a chosaint nó a shíneadh, nó iad siúd a thacaíonn le ceird/scil tógála traidisiúnta ar nós tuíodóireacht, saoirseacht chloiche nó ealaín ghloine dhaite. I measc samplaí d'oibreacha a bheadh incháilithe tá:

- Deisiú paiste ar dhíonta tuí
- Cloch ghorm a dhéanamh ar dhíonta tuí
- Miondeisiúcháin ar dhíonta sclátaí nádúrtha (m.sh. sclátaí sleamhnaithe nó briste a dheisiú)
- Deisiúcháin simléir
- Logdhíonta luaidhe nó copair a dheisiú
- Deisiú codanna d'earraí uisce báistí d'iarann teilgthe (gáitéir agus fánphíobáin)
- Deisiúcháin feanléas
- Ráille iarainn a chur síos nó deisiú geata
- Moirtéal aoil nó rindreáil aoil a dheisiú
- Piaráí geata cloiche nó ballaí teorann a dheisiú
- Miondeisiúcháin doirse nó fuinneoga stairiúla, lena n-áirítear deisiú timpeall na bhfuinneog, doirse, siopa adhmaid stairiúil nó aghaidheanna tithe tábhairne.
- Deisiúcháin ar ghnéithe maisiúla inmheánacha mar obair phlástair, tinteáin, staighrí.

I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh go mbeadh athshuíomh gné a baineadh roimhe seo incháilithe ach chaithfí fianaise ghrianghrafach nó doiciméadach a sholáthar chun é seo a bhreithniú.

TUARASCÁLACHA — COMHAIRLE/ SUIRBHÉANNA CAOMHNAITHE

Le haghaidh iarratas ar mhaoiniú ar chomhairle agus ar thuarascálacha caomhnaithe ní mór d'iarratasóirí gairmí caomhantais a bhfuil taithe acu a roghnú a bhfuil saineolas cruthaithe agus cuí acu chun an tuarascáil caomhantais, an suirbhé, an ráiteas modha agus/nó an tsonraíocht a sholáthar. Ba chóir go gcríochnódh na doiciméid le bearta caomhnaithe molta, le tosaíocht do na hoibreacha breacrianaithe. Feidhmíonn gairmeacha na n-ailtirí, na suirbhéirí agus na n-innealtóirí cláir chreidiúnaithe caomhantais atá le fáil ar shuíomhanna gréasáin IRAÉ, CSCÉ agus Innealtóirí na hÉireann. Do ghairmithe caomhantais eile ní mór ráiteas faoina gcáilíochtaí caomhantais ábhartha agus taithe caomhantais léirithe a sholáthar leis an iarratas. Tá taithe chruthaithe an ghairmí caomhantais mar chuid lárnach de mheasúnú an iarratais.

TLe dul leis an iarratas:

- Sonraí faoi chreidiúnú na ngairmeacha caomhnaithe nó ráiteas cáilíochta caomhnaithe agus taithí caomhnaithe léirithe.
- Ba chóir don ghairmí caomhantais achoimre ar ábhar na tuarascála molta a chur ar fáil leis an bhfoirm iarratais. (Le treoir a fháil ar cad ba cheart a chuimsiú i dtuarascáil dá leithéid féach Treoir Shasana Stairiúil ar Struchtúr Tuairisce Caomhnaithe

<https://historicengland.org.uk/content/docs/advice/conservation-reports-structure-mar18pdf/>

Ar iomaíocht an tsuirbhé/mheasúnaithe

- Ní mór cóip den Tuarascáil Deiridh a chur faoi bhráid Oifig Chaomhantais Chomhairle Contae Fhine Gall mar fhianaise sular féidir an deontas a íoc. Nuair a chuirtear dréacht tosaigh na tuarascála ar fáil, moltar go rachadh an Gairmí Caomhnaithe i gcomhairle le hOifig Chaomhantais Fhine Gall ionas gur féidir aon tuairimí a bhreithniú sula gcuirtear an tuarascáil i gcrích.
- Ba chóir go gcríochnódh an Tuarascáil Deiridh le bearta nó oibreacha caomhnaithe molta. Ba chóir tosaíocht a thabhairt dóibh seo bunaithe ar thábhacht agus ar phráinn.

MÉIDEANNA DEONTAIS

Deontas Íosta €100 Deontas uasta €2,500

Minimum Grant €100 Maximum Grant €2,500


Féadfar deontais idir 50% agus 80% ar a mhéad de chostas iomlán na n-oibreacha incháilithe a dheonú. Tabhair faoi deara le do thoil gur trí aistriú leictreonach amháin a dhéanfar an deontas a íoc agus mar sin beidh ar iarratasóirí rathúla sonraí bainc a sholáthar don Chomhairle chun é seo a éascú.

CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH Ní mór foirmeacha iarratais a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an Oifigeach Caomhantais ag an seoladh a thugtar thíos. Tá foirmeacha ar fáil le híoslódáil ar líne nó is féidir iad a iarraidh ar an bhfón nó ar ríomhphost.

Ní mór an fhoirm a bheith in éineacht leis na nithe seo a leanas:

Luachan - nó meastachán ó chonraitheoir ar na hoibreacha molta nó gairmí caomhantais le haghaidh tuarascála

- Sonraíocht - ón gconraitheoir don deisiúchán ag lua na n-ábhar agus na modhanna a bheidh le húsáid
- Ráiteas ar Cháilíochtaí agus Taithí Gairmiúla Caomhnaithe - nuair a dhéantar iarratas ar thuarascáil
- Achoimre ar an Tuarascáil Chaomhantais - Achoimre ghairid ar ábhar agus formáid na Tuarascála Caomhnaithe atá á choimisiúnú.
- Grianghraif - ag taispeáint riocht reatha an ghné nó na heiliminte atá le deisiú
- Fianaise ar Chomhlíonadh Cánach an Chonraitheora - deimhniú imréitigh cánach nó sonraí chun imréiteach cánach a sheiceáil ar líne



Chun treoir bhreise a fháil ar chothabháil agus ar ghnéithe nó ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann le foirgnimh níos sine féach ar Shraith Chomhairle an Rialtais Náisiúnta atá ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an FNOA.

<https://www.buildingsofireland.ie/resources/>

Má tá tuilleadh ceisteanna agat déan teagmháil le do thoil le:

Oifigeach Caomhantais Ailtireachta,

Roinn na nAiltirí,

Comhairle Contae Fhine Gall,

Halla an Chontae,

An tSráid Mhór,

Sord

Co. Bhaile Átha Cliath K67 X8Y2

Fón Póca: 087 7695304

